# RÁITIS AIRGEADAIS
# AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

**RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

## AN CLÁR ÁBHAR


| | **Leathanach** |
|---|---|
| Eolas Ginearálta | 3 – 4 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí na Comhairle | 5 – 13 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 14 – 18 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 19 – 20 |
| Ráitis Airgeadais | 21—24 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 25 – 36 |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## EOLAS GINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Comhairle:** | Foirgneamh ESRI,<br>Cearnóg Whitaker,<br>Cé Sir John<br>Rogerson, Baile<br>Átha Cliath 2, D02<br>K138 |
| **Foireann ghairmiúil shinsearach:** | Arlene Forster, Uasal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin<br>An tUasal Barry Slattery, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin<br>An Dr Patrick Sullivan, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin |
| **Stiúrthóirí Curaclam agus Measúnú:** | Donna Carolan, Uasal (Gníomhach ón 4 Márta 2024)<br>An Dr Derek Grant<br>An tUasal Ben Murray<br>Elaine Ní Neachtain, Uasal<br>Evelyn O'Connor, Uasal (Gníomhach ón 1 Meitheamh 2019)<br>Aoife Rush, Uasal<br>An tUasal Diarmuid Mooney (Gníomhach ón 1 Eanáir 2022)<br>An tUasal Ger O'Sullivan (Gníomhach ón 4 Aibreán 2022)<br>An tUasal John Behan<br>Jacinta Regan, Uasal<br>Rachel Linney, Uasal (Gníomhach ón 29 Eanáir 2024)<br>Sinéad Tuohy, Uasal (Gníomhach ón 29 Eanáir 2024)<br>Tracy Curran, Uasal |

**Ceann Rialachais, Comhlíontachta, agus Seirbhísí Corparáideacha:** An tUasal Kenneth Daly (ón 17 Deireadh Fómhair 2024)
**Ceann na Seirbhísí Corparáideacha:** Áine Armstrong Farrell, Uasal

| **Comhaltaí na Comhairle:** | **A ceapadh ón 1 Márta 2022** |
|---|---|
| Cathaoirleach | An tUasal Seán Ó Foghlú |
| Leaschathaoirleach | An tUasal Joe McKeown |
| Leas-Chathaoirleach | An Dr Michael Redmond |
| Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha | An tUasal Denis Ring |
| Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | Deirdre Mac Donald, Uasal |
| Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | An tUasal Ed Byrne |
| Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | An tUasal Rory D'Arcy |
| Bord Oideachais Eaglais na hÉireann | Joyce Perdue, Uasal |
| An Roinn Oideachais | Orlaith O'Connor, Uasal (go dtí an 8 Feabhra 2024) |
| An Roinn Oideachais | An tUasal Martin Whyte (ón 8 Feabhra 2024) |
| Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann | Anne McHugh, Uasal |
| Foras na Gaeilge | Muireann Ní Mhóráin, Uasal (ón 18 Eanáir 2024) |
| Ibec | Claire McGee, Uasal (go dtí an 30 Meán Fómhair 2024) |
| Ibec | Meadhbh Costello, Uasal (ón 1 Nollaig 2024) |
| Comhdháil na gCeardchumann | An tUasal Brian Tubbert |
| Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | An Dr Sandra Austin |
| Cumann Múinteoirí Éireann | Carmel Browne, Uasal |
| Cumann Múinteoirí Éireann | Máirín Ní Chéileachair, Uasal |
| ISSU | An tUasal Shari Irfan (go dtí an 8 Iúil 2024) |
| ISSU | An tUasal Jack McGinn (ón 9 Iúil 2024) |
| Comhchoiste na mBainisteoirí do Bhainisteoirí i Meánscoileanna Deonacha | Patricia Gordon, Uasal |
| Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta | An Dr Finn Ó Murchú |
| Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | An tUasal Rob Walpole (ón 1 Eanáir 2024) |
| Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | Carmel O'Shea, Uasal (ón 1 Eanáir 2024) |
| Ainmní an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | An Dr Sheila Garrity |
| Ainmní an Aire Oideachais | An Dr Teresa Hagan |
| Coimisiún na Scrúduithe Stáit | Elaine Sheridan, Uasal |
| Aontas Múinteoirí Éireann | Olive O'Connell, Uasal (ón 1 Eanáir 2024) |
| Aontas Múinteoirí Éireann | An tUasal David Duffy |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

| | |
|---|---|
| **Banc:** | Banc na hÉireann<br>50-55 Sráid Bhagóid<br>Íochtarach, Baile Átha<br>Cliath 2.<br>D02 Y754 |
| **Cuntasóirí:** | Harney Nolan Business Advisors<br>Equity House<br>Ionad Gnó Pháirc na<br>bhFianna<br>Bóthar Bhaile Átha<br>Cliath<br>Ceatharlach<br>R93 K7W4 |
| **Iniúchóirí (Seachtrach):** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus<br>Ciste, 3A Sráid an Mhéara<br>Uachtarach<br>Baile<br>Átha<br>Cliath 1,<br>D01 PF72 |
| **Iniúchóirí (Inmheánach):** | Crowleys DFK<br>16/17 Faiche an Choláiste,<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Achtúirí:** | Willis Tower Watson<br>Campas Gnó Pháirc an Leamháin,<br>Bóthar Mhuirfean,<br>Baile Átha Cliath 4 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.ncca.ie |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) faoi Acht Oideachais, 1998. Leagtar amach feidhmeanna na Comhairle in Alt VII den Acht. Tá an Chomhairle cuntasach don Aire Oideachais agus freagrach as rialachas maith a chinntiú. Tugann an Chomhairle faoin tasc sin ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach príomhréimse dá cuid oibre.

Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta cloí leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus tá orthu a áirithiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM.

### Freagrachtaí na Comhairle

Leagtar amach obair agus freagrachtaí na Comhairle san Acht Oideachais, 1998 (Alt VII), agus sa sceideal a ghabhann leis.

Is iad seo a leanas na cúrsaí a ndéanann an Chomhairle amháin cinntí ar a son:
- gach sonraíocht churaclaim agus measúnachta agus creatchuraclaim a fhaomhadh.
- cáipéisí comhairliúcháin a fhaomhadh.
- treoracha agus straitéisí beartais a fhaomhadh.
- pleananna straitéiseacha agus pleananna oibre bliantúla a fhaomhadh.
- tuarascálacha bliantúla a fhaomhadh.
- cuntais bainistíochta ráithiúla agus ráitis airgeadais bhliantúla a fhaomhadh.
- aon athrú suntasach i mbeartais nó i nósanna imeachta cuntasaíochta a fhaomhadh.
- an Ráiteas Bliantúil ar Rialú Inmheánach a fhaomhadh.
- an Ráiteas Rialachais bliantúil agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird a fhaomhadh.
- bronnadh na gconarthaí ar fiú €50,000 nó níos mó iad a fhaomhadh.
- beartais bainistíochta riosca a fhaomhadh.
- na téarmaí tagartha agus ceapacháin ar aon fhochoistí de chuid na Comhairle m.sh. an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhaomhadh.
- bunú Bord agus Meithleacha Forbartha a fhaomhadh.
- ceapachán na gCathaoirleach ar Bhoird lena n-áirítear na Boird don Luathóige agus don Bhunscoil, don tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach a fhaomhadh.
- comhthoghadh comhaltaí ar Bhoird a fhaomhadh.
- síneadh téarma Boird, Meithle Forbartha nó fochoiste a fhaomhadh, sa chás go dtagann saincheisteanna chun cinn a éilíonn cruinniú le linn na tréimhse aistrithe le haghaidh Comhairle nua a cheapadh.
- Buanorduithe a fhaomhadh.

Ar na buanmhíreanna a bhreithníonn an Chomhairle, áirítear:
- dearbhú leasanna.
- tuairiscí ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin.
- tuairiscí ó fhochoistí na Comhairle.
- Bainistíocht riosca.

Cuirtear tuairiscí airgeadais agus bainistíochta le chéile agus déanann an Chomhairle breithniú orthu ar bhonn ráithiúil. Déantar an Plean Oibre agus an t-athbhreithniú ar fheidhmíocht an Phlean Oibre a

bhreithniú go bliantúil. Déantar cúrsaí forchoimeádta a bhreithniú nuair a thagann siad chun cinn.

Ceanglaítear ar an gComhairle faoi Alt VII (46) den Acht Oideachais, 1998, na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách ar an ioncam go léir a gheobhaidh sí agus ar an gcaiteachas go léir a thabhóidh sí a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Ceanglaítear ar CNCM na rudaí seo a leanas a dhéanamh nuair atáthar ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin:

- beartais cuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach sa chás go bhfuil sé míchuí le toimhdiú go leanfaidh sí a bheith i bhfeidhm;
- agus a dhearbhú cibé ar cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeacht ábhartha uathu a bheith nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá an Chomhairle freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar a staid airgeadais, le cruinneas réasúnta maith uair ar bith, agus a chuireann ar chumas na Comhairle a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt VII (46) den Acht Oideachais, 1998. Tá an Chomhairle freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá le fáil ar shuíomh gréasáin CNCM. Cinntíonn an Chomhairle go bhforáiltear le haghaidh iniúchadh inmheánach agus go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht air. Feidhmíonn an tIniúchóir Inmheánach neamhspleách ar an bhFeidhmeannas san obair iniúchta a dhéanann sé agus tá cearta rochtana aige ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Feidhmíonn sé laistigh den bhuiséad a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, buiséad atá mar chuid de bhuiséad CNCM dá réir. Leagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an buiséad amach don Iniúchadh Inmheánach, ag cur scála agus acmhainní CNCM san áireamh.

Tá an Chomhairle freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Tugadh faoi mheasúnú ar fheidhmíocht CNCM faoi threoir an phlean agus an bhuiséid bhliantúil freisin.

Tá an Chomhairle freagrach as a sócmhainní a chosaint freisin, agus dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Rinne an Chomhairle na ráitis airgeadais le haghaidh 2024 a bhreithniú agus tugann sí le fios gur ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na beartais airgeadais riachtanacha. Tugtar deimhniú ar bhainistíocht airgeadais agus rialú inmheánach cuí laistigh de CNCM sna ráitis sin. Measann an Chomhairle go bhfuil léargas cothrom agus fíor ar an bhfeidhmíocht airgeadais le linn na bliana agus ar staid airgeadais CNCM, mar a bhí an 31 Nollaig 2024, sna ráitis airgeadais.

**Struchtúr na Comhairle**

Tá Cathaoirleach amháin, beirt Leas-Chathaoirleach agus 23 gnáthchomhalta ar an gComhairle, agus ceapann an tAire Oideachais na daoine sin uile ar bhonn ainmniúcháin a fhaightear ó cheardchumainn múinteoirí, boird bhainistíochta, eagraíochtaí tuismitheoirí agus tionscail agus eagraíochtaí eile.

D'fhógair an tAire Oideachais, Norma Foley T.D., in Earrach 2022, gur ceapadh Comhairle nua ar feadh téarma 4 bliana go dtí an 28 Feabhra 2026. Tháinig téarma na Comhairle roimhe sin chun críche ar an 28 Feabhra 2022. Buaileann an Chomhairle le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana de ghnáth. Reáchtáladh 10 gcruinniú in 2024; bhí daoine i láthair go pearsanta ag 7 gcinn acu agus bhí 3 cheann acu ar siúl ar líne.

Leagtar amach an tréimhse ceapacháin do na comhaltaí reatha sa tábla lastall:

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

**Comhaltaí na Comhairle 2024** *(a ceapadh/a athcheapadh ón 1 Márta 2022 ar aghaidh)*

| Ainm | An Eagraíocht Aimnithe (nuair is infheidhme) | An Dáta ar Ceapadh i dtosach é nó í | An Dáta (na dátaí) ar Athcheapadh é nó í |
|---|---|---|---|
| An tUasal Sean Ó Foghlú<br>Cathaoirleach | An tAire Oideachais | 12 Nollaig 2022 | |
| An tUasal Joe McKeown<br>Leaschathaoirleach | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| An Dr Michael Redmond, an Leas-Chathaoirleach | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Aibreán 2015 | 1 Márta 2022 |
| An tUasal Denis Ring | Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha | 1 Márta 2022 | |
| An tUasal Ed Byrne | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 18 Aibreán 2019 | 1 Márta 2022 |
| Deirdre MacDonald, Uasal | Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire | 1 Márta 2022 | |
| An tUasal Rory D'Arcy | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha | 1 Márta 2022 | |
| Joyce Perdue, Uasal | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| Orlaith O'Connor, Uasal | An Roinn Oideachais | 9 Meán Fómhair 2019 go dtí 8 Feabhra 2024 | |
| An tUasal Martin Whyte | An Roinn Oideachais | 8 Feabhra 2024 | |
| Anne McHugh, Uasal | Boird Oideachais agus Oiliúna, Éire | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| Muireann Ní Mhóráin, Uasal | Foras na Gaeilge | 18 Eanáir 2024 | |
| Claire McGee, Uasal | Ibec | 1 Márta 2019 go dtí 30 Meán Fómhair 2024 | |
| Meadhbh Costello, Uasal | Ibec | 1 Nollaig 2024 | |
| An tUasal Brian Tubbert | Comhdháil na gCeardchumann | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| An Dr Sandra Austin | Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile | 24 Aibreán 2023 | |
| Carmel Browne, Uasal | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | Cumann Múinteoirí Éireann | 1 Márta 2022 | |
| Patricia Gordon, Uasal | Comhchoiste na mBainisteoirí | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Dr Finn Ó Murchú | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| An tUasal Rob Walpole | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | 1 Eanáir 2024 | |
| Carmel O’Shea, Uasal | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí | 1 Eanáir 2024 | |
| An Dr Teresa Hagan | Ainmní an Aire Oideachais | 1 Márta 2019 | 1 Márta 2022 |
| An Dr Sheila Garrity | Ainmní an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige | 20 Meán Fómhair 2021 | 1 Márta 2022 |
| Elaine Sheridan, Uasal | Coimisiún na Scrúduithe Stáit | 1 Nollaig 2021 | 1 Márta 2022 |
| An tUasal David Duffy | Aontas Múinteoirí Éireann | 25 Meitheamh 2015 | 1 Márta 2022 |
| Olive O'Connell, Uasal | Aontas Múinteoirí Éireann | 1 Eanáir 2024 | |
| An tUasal Shari Irfan | Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann | 9 Iúil 2023 go dtí 8 Iúil 2024 | |
| An tUasal Jack McGinn | Aontas Scoláirí Dara Leibhéal na hÉireann | 9 Iúil 2024 | |

Bhunaigh an Chomhairle dhá choiste, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Rialachais. Leagtar amach na freagrachtaí a tharmligeann an Chomhairle ar na fochoistí sin ina dTéarmaí Tagartha.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta neamhspleách amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle faoina freagrachtaí maidir le ceisteanna riosca, rialaithe, rialachais agus an dearbhú a bhaineann leo. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste don Chomhairle i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn ar bhonn bliantúil.

Tionóladh 6 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2024 lena n-áirítear comhsheisiún a tionóladh leis an gCoiste Rialachais i mí Feabhra 2024. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe uile, a reáchtáladh ar líne, cé is moite den chomhchruinniú ag a raibh daoine i láthair go pearsanta.

Ón 12 Bealtaine, 2022, cuimsíodh le ballraíocht an Choiste an tUasal Joe McKeown [Cathaoirleach], Teresa Hagan, Uasal, Edel Ní Chorráin, Uasal, an tUasal Rory D’Arcy. Ceapadh an tUasal Dave Salter i mí na Bealtaine 2023 mar chomhalta seachtrach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. D’fhág an tUasal David Salter a ról an 7 Meitheamh 2024. D’fháiltigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca roimh bheirt chomhaltaí nua, Patricia Gordon, a chuaigh isteach ann an 27 Feabhra 2024, a tháinig in áit Edel Ní Chorráin, agus comhalta seachtrach Philip Crosby, a chuaigh isteach ann an 25 Deireadh Fómhair 2024.

**An Coiste Rialachais (CR)**

Tá ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ar an gCoiste Rialachais. Is é ról an Choiste tacaíocht a thabhairt don Chomhairle maidir le ceanglais dhlíthiúla agus reachtúla a chomhlíonadh, mar aon le dea-chleachtas a ghlacadh i leith an rialachais.

Cuimsíodh na daoine seo a leanas le ballraíocht an Choiste ón 12 Bealtaine 2022: an tUasal Dermot O’Riordan (Cathaoirleach), an Dr Sheila Garrity, Deirdre Mac Donald, Uasal, an tUasal Denis Ring agus Máirín Ní Chéileachair, Uasal. D’éirigh an tUasal Dermot O’Riordan as a ról mar Chathaoirleach agus ceapadh Deirdre MacDonald, Uas., ina cathaoirleach ó mhí na Samhna 2024.

Tionóladh 3 chruinniú den CR in 2024 lena n-áirítear comhsheisiún a tionóladh leis an CIR i mí Feabhra 2024. Ba chruinnithe fíorúla iad na cruinnithe uile sin, a reáchtáladh ar líne, cé is moite den chomhchruinniú ag a raibh daoine i láthair go pearsanta.

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas**

Leagtar amach thíos sceideal tinrimh ag cruinnithe de chuid na Comhairle agus an Choiste don bhliain 2024, lena n-áirítear na costais a fuair gach comhalta. Ní fhaigheann comhaltaí na Comhairle agus na gCoistí táillí as bheith rannpháirteach sa Chomhairle.

| Ainm | Líon Cruinnithe de chuid na Comhairle (10)[1] | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (6) | Líon Cruinnithe de chuid an Choiste Rialachais (3) | Costais (ní íoctar aon táillí le comhaltaí na Comhairle)[2] € |
|---|---|---|---|---|
| An tUasal Sean Ó Foghlú | 10/10 | | | |
| An Dr Michael Redmond | 9/10 | | | |
| An tUasal Ed Byrne | 9/10 | | | 826 |
| Joyce Perdue, Uasal | 10/10 | | | 83 |
| Orlaith O'Connor, Uasal | 2/2 | | | |
| Anne McHugh, Uasal | 7/10 | | | 1,174 |
| Deirdre MacDonald, Uasal | 8/10 | | 0/3 | 2,612 |
| Claire McGee, Uasal | 5/9 | | | |
| An tUasal Brian Tubbert | 9/10 | | | |
| Carmel Browne, Uasal | 10/10 | | | 220 |
| An tUasal Joe McKeown | 7/10 | 6/6 | | |
| Patricia Gordon, Uasal | 9/10 | 4/5 | | |
| An Dr Finn Ó Murchú | 10/10 | | | 7,152 |
| An Dr Teresa Hagan | 10/10 | 6/6 | | |
| An Dr Sheila Garrity | 6/10 | | 3/3 | 636 |
| An tUasal David Duffy | 10/10 | | | 549 |
| An tUasal Jack McGinn | 2/3 | | | 427 |
| Muireann Ní Mhóráin, Uasal | 10/10 | | | 785 |
| An tUasal Rob Walpole | 6/10 | | | |
| An tUasal Martin Whyte | 8/8 | | | |
| Olive O'Connell, Uasal | 10/10 | | | 976 |
| An tUasal Denis Ring | 9/10 | | 3/3 | 1,079 |
| Elaine Sheridan, Uasal | 8/10 | | | |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | 9/10 | | 3/3 | 799 |
| Carmel O'Shea, Uasal | 7/10 | | | 81 |
| An tUasal Rory D'Arcy | 10/10 | 5/6 | | 1,727 |
| An Dr Sandra Austin | 7/10 | | | 479 |
| Meadhbh Costello, Uasal | 1/1 | | | 41 |
| An tUasal Shari Irfan | 7/7 | | | |
| An tUasal Dermot O'Riordan (An Coiste Rialachais) | - | | 3/3 | |
| An tUasal Dave Salter (CIR) | - | 3/3 | | |
| An tUasal Philip Crosby (Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) | - | 1/2 | | |
| **Iomlán** | | | | **19,646** |

[1] Líon na gcruinnithe ar freastalaíodh orthu as líon na ndaoine a bhí incháilithe le freastal orthu bunaithe ar dháta ceapacháin/scoir na ballraíochta.

[2] Baineann na costais uile a shonraítear le taisteal intíre agus ní bhaineann siad le tinreamh ag cruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle freisin amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach,
agus Meithleacha Forbartha. D'fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d'iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

**Príomhathruithe Pearsanra**

Ar na hathruithe ar an bhFeidhmeannas áiríodh ceapachán Kenneth Daly an 17 Deireadh Fómhair 2024 mar Cheann Rialachais, Comhlíontachta, agus Seirbhísí Corparáideacha. Chuaigh Donna Carolan (ón 4 Márta), Sinéad Tuohy agus Rachel Linney (ón 29 Eanáir) i mbun post mar Stiúrthóirí Gníomhacha, Curaclam agus Measúnú in 2024. Ar na hathruithe eile ar an bhfoireann ar iasacht/ar conradh, áiríodh ceapachán 9 nOifigeach Oideachais.

**Nochtadh a Éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

Tá an Chomhairle freagrach as a áirithiú gur chomhlíon CNCM ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear an nochtadh seo a leanas de réir an Chóid.

***Miondealú ar na Sochair Ghearrthéarma a fhaigheann Fostaithe***

Tá sochair ghearrthéarma fostaithe níos mó ná €60,000 san áireamh i nóta 4 leis na ráitis airgeadais.

***Caiteachas ar thaisteal agus ar chothú***

Nochtar caiteachas a thabhaítear ar thaisteal agus caiteachas don fhoireann agus don Chomhairle i nóta 4 agus nóta 5 leis na ráitis airgeadais faoi seach.

***Costais agus Socraíochtaí Dlíthiúla***

Níor thabhaigh CNCM aon chostais ná socraíochtaí dlíthiúla in 2024 de réir na dtéarmaí a leagtar amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Tabhaíodh táillí dlí €188,284 (2023: €49,623) le haghaidh comhairle agus cúnaimh maidir le léasanna réadmhaoine, ceanglais rialachais agus reachtacha amhail Saoráil Faisnéise. Bhain €116,191 den tsuim sin le léasanna réadmhaoine a thabhairt chun críche do dhá oifig.

***Costais Chomhairliúcháin***

Áirítear costais a bhaineann le comhairle sheachtrach a chur ar fáil don lucht bainistíochta i gcostais chomhairliúcháin agus ní áirítear na feidhmeanna 'gnó mar is gnách' a cuireadh amach ar conradh in 2024, agus tabhaíodh iad le haghaidh comhairle ghinearálta.

***Táillí gairmiúla agus comhairliúcháin***

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---:|---:|
| Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla eile | 42,250 | 41,759 |
| Táille iniúchóireachta seachtraí | 14,000 | 14,000 |
| Táillí iniúchóireachta inmheánaí | 13,284 | 9,379 |
| Comhairliúchán (lena n-áirítear taighde a coimisiúnaíodh le haghaidh obair churaclaim agus mheasúnachta) | 367,415 | 577,223 |
| **Iomlán** | **436,949** | **642,361** |

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ**

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

***Caiteachas Fáilteachais***

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Déantar costais fáilteachais a rangú mar chostais Inmheánacha (imeachtaí foirne, scoir, srl.) agus mar chostais Sheachtracha (cainteoirí comhdhála a thagann ar cuairt, cruinnithe le gníomhaireachtaí idirnáisiúnta comhionanna, srl.):

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Inmheánach | 50 | 100 |
| Seachtrach | 1,875 | 7,489 |
| **Iomlán** | **1,925** | **7,589** |

**An Ráiteas Comhlíontachta i leith an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú**

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gComhairle sna príomhréimsí chun an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh. Leanfar ar aghaidh ag obair ar ghnéithe áirithe den Chód Cleachtais san fhorbairt, athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanfar ar bheartais sa tréimhse amach romhainn.

In 2023, thug CNCM Beartas um Obair Chumaisc isteach a raibh an deis ag an bhfoireann uile cur isteach air. Mar chuid de sin, d'áirithigh CNCM go leanúnach go raibh rialuithe gaolmhara TF agus cibearshlándála i bhfeidhm agus go raibh an fhoireann ag obair i dtimpeallachtaí oifige baile a bhí sábháilte agus oiriúnach go heirgeanamaíoch. Cuireadh i gcrích measúnuithe sláinte agus sábháilteachta aghaidh ar aghaidh le measúnóir neamhspleách agus gach ball foirne ag baint leas as obair chumaisc.

Rinne sainchomhairleoir seachtrach Athbhreithniú Eagraíochtúil ar CNCM in 2023. Cuireadh cásanna gnó faoi bhráid na Roinne Oideachais agus fuarthas cead le haghaidh ceapacháin bhreise, lena n-áirítear cinn a ceapadh chun struchtúr eagraíochtúil na Seirbhísí Corparáideacha a fheabhsú agus chun tuilleadh forbartha a cheadú ar na feidhmeanna Rialachais agus comhlíonta go háirithe. Ar dhá phríomhcheapachán a tháinig chun cinn ón athbhreithniú, bhí Príomhoifigeach nua a ceapadh mar Cheann Rialachais, Comhlíontachta, agus Seirbhísí Corparáideacha i mí Dheireadh Fómhair 2024 agus Oifigeach Soláthair a ceapadh i mí Iúil 2024.

Tá Comhaontú Seachadta Feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Oideachais agus CNCM, lena gclúdaítear cúrsaí rialachais, feidhmíochta, maoinithe agus caidrimh thuairiscithe. Maidir le forálacha an Chóid nár cheart d'aon chomhalta Boird Stáit breis agus dhá théarma iomlána ceapacháin a fhónamh ar an mBord sin, nó nár cheart dó/di ceapacháin a bheith aige/aici ar bhreis agus dhá Bhord Stáit, ag an am céanna, tá cleachtas seanbhunaithe ann nach mbaineann na forálacha seo le CNCM nuair a ainmníonn eagraíochtaí ball foirne ag a bhfuil freagrachtaí díreacha i réimsí forbartha curaclaim agus beartais churaclaim ina eagraíocht féin, agus, dá bharr sin, daoine a rachadh a saineolas chun tairbhe

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA


**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ**

gach duine ábhartha sa chomhthéacs sin.

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALACHAS & TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE**

Rinne an Chomhairle athbhreithniú inmheánach ar a héifeachtacht in 2024 inar áiríodh breithniú ar na moltaí ó fhéinmheasúnú 2023. Chuir an Chomhairle gníomhartha i bhfeidhm in 2025 mar fhreagairt ar na moltaí.

**Thar ceann na Comhairle**



______________________

**Arlene Forster, Uasal**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**Dáta: 25 Meán Fómhair 2025**



______________________

**An tUasal Sean Ó**
**Foghlú Cathaoirleach**

**Dáta: 25 Meán Fómhair 2025**

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

## RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ

### Raon na Freagrachta

Aithním, thar ceann na Comhairle Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), freagracht na Comhairle le háirithiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an Chomhairle na ceanglais atá uirthi faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh sa fhreagracht sin.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearadh, leabaíodh agus forfheidhmíodh an córas rialaithe inmheánaigh le cuidiú le hobair agus rialachas corparáideach na heagraíochta a bhainistiú go caighdeán cuí. Dearadh é le rioscaí a bhainistiú go leibhéal atá cuibheasach ach ní féidir leis deireadh iomlán a chur le rioscaí. I mbeagán focal, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta, agus ní absalóideach, a sholáthar go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbheartaí údaraithe agus taifead cuí orthu, agus go ndéantar aon earráid ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a aimsiú go tráthúil agus a leasú/a bhainistiú ansin.

### CNCM agus an Córas Rialaithe Inmheánaigh

Tugann an Chomhairle faoina hobair ag leagan spriocanna agus gníomhaíochtaí straitéiseacha amach agus ag déanamh cinntí straitéiseacha i ngach réimse dá cuid oibre. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta freagrach as bainistíocht, rialú agus treoir laethúil CNCM.

Cloíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta leis an treoir straitéiseach leathan a shonraíonn an Chomhairle agus áirithíonn siad go bhfuil tuiscint shoiléir ag gach duine de chomhaltaí na Comhairle ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an gComhairle agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar idirghabhálaí díreach idir an Chomhairle agus lucht bainistíochta CNCM. Oibríonn an fhoireann bainistíochta, dá réir sin, le foireann Stiúrthóirí (Curaclam agus Measúnú) agus le foirne earnála ar a bhfuil Oifigigh Oideachais agus an fhoireann Seirbhísí Corparáideacha chun Plean Straitéiseach agus Plean Oibre bliantúil na Comhairle a fhorfheidhmiú, agus iad ag obair laistigh de na rialuithe a leagtar amach chun obair na heagraíochta a bhainistiú agus cáilíocht obair na Comhairle a dheimhniú.

Cuireann CNCM comhairle ar fáil don Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam. Forbraítear an chomhairle sin trí Thaighde, Comhairliúchán, Machnamh agus Líonrú. Tá córais rialaithe cáilíochta i bhfeidhm chun an chomhairle sin a fhorbairt:

- neartaíonn fianaise thaighde, cleachtadh maith agus taithí idirnáisiúnta an chomhairle sin
- bíonn an chomhairle sin bunaithe ar na cainteanna agus ar an bplé a bhíonn ag an gComhairle lena Boird agus Meithleacha Forbartha
- bíonn tionchar ag an aiseolas a fhaightear ó chomhairliúcháin leis an bpobal, scoileanna, suíomhanna luathóige, leasanna oideachasúla agus dreamanna eile ar an gcomhairle
- tugann líonraí scoileanna agus suíomhanna luathóige aiseolas ar na smaointe agus cuir chuige éagsúla atá á bhforbairt agus cuireann siad samplaí praiticiúla ar an bhfoghlaim agus an teagasc

agus ar obair an scoláire ar fáil.

Cuidíonn siad sin uile le háirithiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha i bhfeidhm maidir le cáilíocht na comhairle curaclaim agus measúnachta atá i gcroílár obair na Comhairle.

Tá beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM a scaiptear ar an bhfoireann. Ina measc siúd, áirítear beartais maidir le hairgeadas, acmhainní daonna, cosaint sonraí, soláthar agus bainistíocht riosca. Tá córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, atá ceangailte le socruithe bainistíochta líne, i bhfeidhm don fhoireann, ina gcuirtear béim láidir ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus foráil di.

Tá CNCM á maoiniú go príomha ag an Roinn Oideachais. Tá an Chomhairle freagrach as an bPlean Oibre bliantúil agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh, agus leithdháiltear agus caitear cistí de réir thosaíochtaí na Comhairle. Ullmhaíonn an gnólacht cuntasaíochta Harney Nolan Business Advisors ráitis airgeadais bhliantúla na Comhairle agus tá siad faoi réir iniúchadh seachtrach a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Tugann an Chomhairle faoi athbhreithniú éifeachtachta ar bhonn rialta.

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, a thagann le treoir a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm ag CNCM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 agus suas go dtí an dáta a faomhadh na ráitis airgeadais.

**An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag CNCM ar a bhfuil ceathrar comhaltaí de chuid na Comhairle agus comhalta seachtrach amháin ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchta ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht na heagraíochta. Go háirithe, féachann an Coiste lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tháinig an CIR le chéile 6 huaire in 2024.

**Rialú Inmheánach**

Bhunaigh CNCM feidhm iniúchta inmheánaigh freisin a thugann faoi chlár oibre a chomhaontaítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Cuirtear an obair a bhaineann leis an iniúchadh inmheánach amach ar conradh agus is é Crowleys DFK a dhéanann í, chomh maith le hathbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha in 2024, agus ba é a thuairiscigh don CIR freisin.

Is é cuspóir an athbhreithnithe urrús a chur ar fáil do CNCM agus dá bpáirtithe leasmhara maidir le leorgacht agus éifeachtacht chreat rialaithe CNCM an oiread is go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh na bpróiseas atá i bhfeidhm chun an trédhearcacht, an rialtacht, agus cuibheas a chinntiú.

San *Athbhreithniú Ardleibhéil ar Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha, 2024*, a d’ullmhaigh Crowleys DFK, tarraingíodh aird ar neart gnéithe dearfacha agus príomhláidreachtaí de thimpeallacht rialaithe inmheánaigh CNCM, lena n-áirítear an mhaoirseacht agus an chuntasacht, riar scileanna agus taithí an phearsanra, bainistíocht riosca agus scaradh dualgas.

Léiríonn torthaí an iniúchta gur féidir urrús réasúnta a chur ar leorgacht agus éifeachtacht oibriúcháin

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ**
rialuithe chun rioscaí airgeadais a mhaolú agus/nó a bhainistiú darbh féidir go mbeidh CNCM nochta.

Thuairiscigh na hiniúchóirí go gcaithfidh an lucht bainistíochta gníomhú i leith réimsí, lena n-áirítear Taisteal agus Cothú, AD agus Sócmhainní Seasta. Leis an ngnáthmhaoirseacht leanúnach bhainistíochta, in éineacht le réiteach aon torthaí a ardaítear sa tuarascáil, ba cheart a áirithiú go bhfanann an riosca rialaithe íseal i gcónaí.

Tá aghaidh á tabhairt faoi láthair ar mholtaí an athbhreithnithe sa chomhthéacs seo agus réiteofar na hábhair atá i gceist le linn 2025. Chun cuidiú leis sin, áireofar torthaí iniúchta inmheánaigh, de réir mar atá sin cabhrach, i mbeochláir riosca CNCM agus cuirfear rialuithe iomchuí i bhfeidhm chun an riosca a mhaolú go dtí gur féidir deireadh a chur leis na rioscaí.

Chomh maith leis sin, réiteoidh CNCM aon saincheisteanna a sainaithníodh san iniúchadh seachtrach. Déanfaidh lucht bainistíochta CNCM monatóireacht ghéar ar na cúrsaí seo agus déanfaidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht ar an obair leantach a bhaineann leis na míreanna a tháinig chun cinn ón iniúchadh inmheánach agus seachtrach agus déanfaidh sé athbhreithniú ar a dhul chun cinn.

Cuirtear acmhainní ar fáil don iniúchadh inmheánach, mar is gá, i bhfianaise an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíocht agus méid na heagraíochta tríd is tríd.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá beartas bainistíochta riosca ag CNCM ina n-áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, an creat bainistíochta riosca, agus sonraí ar róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ar an mbeartas bainistíochta riosca agus d'fhormheas Comhairle CNCM é i mí an Mheithimh 2022. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithniú ar an ráiteas inghlacthachta riosca agus d'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Chomhairle é i mí an Mheithimh 2024. Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear cineál na rioscaí atá roimh CNCM agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Príomhoifigeach Riosca, na húinéirí riosca, lucht bainistíochta, agus an CIR an clár a athbhreithniú agus monatóireacht ar an mbainistíocht riosca ag gach ceann dá gcuid cruinnithe. Tá bainistíocht riosca ina mír ar chlár oibre gach cruinniú den Chomhairle freisin. Úsáidtear torthaí an athbhreithnithe chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena áirithiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Roinntear na freagrachtaí idir an fhoireann uile sa bheartas agus i mbeartas bainistíochta riosca, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Riosca, an Fhoireann Ardbhainistíochta, an Fhoireann Stiúrtha, Foireann na Seirbhísí Corparáideacha agus na hOifigigh Oideachais. Eisíodh an beartas don fhoireann uile agus táthar ag súil go n-oibreodh sí laistigh de bheartais bainistíochta riosca CNCM agus an lucht bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon rioscaí nó laigí rialaithe a thagann chun cinn agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

Sonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú ar an gclár riosca agus sanntar freagracht as feidhmiú na rialuithe do bhall foirne ar leith ann freisin. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- rinneadh gach ceann de na príomhnósanna imeachta ghnó a dhoiciméadú.

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhréire.

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ**

- tá córas buiséadaithe feidhmeach ann agus buiséad bliantúil aige a leagtar amach i bPlean Oibre bliantúil CNCM, agus déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú leanúnach air agus cuirtear feabhsuithe i bhfeidhm air mar is cuí.

- tá córais ann agus á bhforbairt a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú.

- rinneadh na córais atá ann chun sócmhainní a chosaint a nuashonrú agus tá clár inchuardaithe sócmhainní agus conarthaí mar chuid de na córais sin agus sannadh na freagrachtaí áirithe

- cinntíonn nósanna imeachta rialaithe maidir le maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtrach, trí Chomhaontuithe ar Leibhéal Seirbhíse a úsáid, rialú sásúil ar fhaomhadh deontas agus monatóireacht agus athbhreithniú ar na deontaithe d’fhonn a áirithiú gur úsáideadh an maoiniú deontais don chuspóir dar bronnadh é.

**Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a ghlacadh, agus don Lucht Bainistíochta agus don Chomhairle, nuair is cuí. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus na rialuithe a ghabhann leo agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus déantar tuairisciú ar aon easnaimh a aimsíodh

- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal i measc na bhfoirne earnála, foirne tionscadal sonrach agus fhoireann na seirbhísí corparáideacha áit a bhfuil freagracht do bhainistíocht airgeadais sannta cheana féin
- tugtar faoi athbhreithnithe rialta ag cruinnithe den fhoireann bainistíochta ar fheidhmíocht ráithiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais, ina sonraítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamh-mheastachán, agus

- déanann an lucht ardbhainistíochta maoirseacht ar fhorfheidhmiú na moltaí a thagann as tuarascálacha na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha.

**Tuarastail agus Pá**

Íoctar baill foirne CNCM trí na córais phárolla arna reáchtáil ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC), an Roinn Oideachais (ROS), agus Boird Oideachais agus Oiliúna áirithe (BOOnna) mar seo a leanas:

- Íocann an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla (ISCP), atá mar chuid de ONSC, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, státseirbhísigh bhunaithe agus roinnt ball foirne ar conradh.

- Íocann Párolla Múinteoirí Bunscoile agus Iar-bhunscoileanna ROS baill foirne ar iasacht ó bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna.

- Íocann an BOO ábhartha fós baill foirne ar iasacht ó na BOOanna.

Íocann CNCM go díreach as obair arna coimisiúnú ag speisialtóirí ábhair agus daoine eile le cúnamh ó sholáthraí seirbhíse párolla (Evelyn Partners).

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ**

Baintear amach deimhniú maidir leis na rialuithe gaolmhara atá i bhfeidhm trí iniúchadh inmheánach agus seachtrach in CNCM agus na heagrais ghaolmhara. Tá Comhaontú Bainistíochta Seirbhísí Fostaithe, Meabhrán Tuisceana agus Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm le ONSC.

Tá a cuid freagrachtaí comhlíonta ag an gComhairle i ndáil le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh soláthar seirbhísí comhroinnte párolla. Braitheann an Chomhairle ar litir ráthaíochta ón Oifigeach Cuntasaíochta den Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chuig an Roinn Oideachais lena ndeimhnítear go bhfeidhmítear na rialuithe iomchuí i soláthar na seirbhísí comhroinnte don Chomhairle.

**Soláthar**

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle luach ar airgead a fháil dá ceannacháin agus macántacht a chinntiú ina pleanáil agus a nósanna imeachta soláthair, nósanna imeachta a fheidhmíonn i gcomhréir le beartas soláthair an rialtais.

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar a áirithiú. Bhí soláthar neamhchomhlíontach amháin ann in 2024, a bhaineann le húsáid leanúnach soláthraí seirbhísí dlíthiúla ar a bhfuil aghaidh á tabhairt in 2025. Rinneadh íocaíochtaí dar luach €153,301 san iomlán, agus CBL as an áireamh, i dtréimhse chuntasaíochta 2024 leis an soláthraí sin. In 2023, d'fhormheas an Chomhairle Plean Corparáideach Soláthair 2023 go 2026.

**Athbhreithniú ar Éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag CNCM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta maidir le bainistiú agus rialú rioscaí. Tá an obair a dhéanann an t-iniúchóir inmheánach, an t-iniúchóir seachtrach, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a n-obair, agus an fhoireann ardbhainistíochta in CNCM atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, mar bhuntaca leis an monatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann CNCM ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an CIR athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2024. Thug an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca na torthaí ar athbhreithniú inmheánach agus thuairiscigh siad na torthaí ar a athbhreithniú don Chomhairle le machnamh a dhéanamh orthu.

Deimhním go ndearna an Chomhairle athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2024 an (27 Márta 2025). Bhí an t-athbhreithniú a rinne an Coiste mar bhonn eolais faoin athbhreithniú sin.

**Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach**

Níor aimsíodh aon laigí sa rialú inmheánach i ndáil le 2024 ar gá nochtadh a dhéanamh orthu sna ráitis airgeadais.

Sean Ó Foghlú

---

**An tUasal Sean Ó Foghlú**

**Cathaoirleach**

**Dáta 25 Meán Fómhair 2025**

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

## An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 de réir mar is gá faoi fhorálacha alt 46 den Acht Oideachais 1998. Is é atá sna ráitis airgeadais

- anráiteasioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- anráiteasmaidir le hioncam cuimsitheach
- anráiteasmaidir leis an staid airgeadais
- anráiteasmaidir le sreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta ar an 31 Nollaig 2024 agus ar a hioncam agus caiteachas le haghaidh 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (CTA) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.*

#### *Bunús leis an tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (CII) mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an gComhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnachta agus tá mo fhreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus cuí chun bunús a sholáthar le haghaidh mo thuairime.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhar leis na ráitis airgeadais. Is é atá i gceist leis seo an ráiteas ar rialú agus tuarascáil chomhaltaí na Comhairle agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo fhreagrachtaí tuairisciú maidir le faisnéis mar seo, agus ar nithe áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú go heisceachtúil, san aguisín leis an tuarascáil seo.

NÍL aon ní agam le tuairisciú ina leith sin.

**Mary Henry**
**Don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus thar a cheann**

**30/09/2025**

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí na Comhairle

Mar a shonraítear sa ráiteas ar rialú agus i dtuarascáil chomhaltaí na Comhairle, tá na comhaltaí freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi Alt 46 den Acht Oideachais 1998
- a chinntiú go dtabharfaidh na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir le CTA 102
- rialtacht na n-idirghníomhaíochtaí a chinntiú
- ag measúnú cibé an bhfuil úsáid an bhunúis cuntasaíochta gnóthas leantach iomchuí, agus
- cibé rialuithe inmheánacha a chinneann siad a bheith riachtanach chun gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó ráiteas neamhchruinn, bíodh sin mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ní mór dom faoi Alt 46 den Acht Oideachais 1998 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus tuairisciú air sin do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus mé ag déanamh an iniúchta sin deimhniú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is leibhéal ard deimhnithe é deimhniú réasúnta, ach ní barántas é go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar de réir na CIIanna i gcónaí ráiteas neamhchruinn ábhartha nuair is ann dó. Is féidir le ráitis mhíchruinne teacht chun cinn ó chalaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más ea, ina n-aonar nó i gcomhiomlán, gurbh fhéidir a bheith ag súil go n-imreodh siad tionchar ar chinntí úsáideoirí a dhéantar ar bhunús na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na CIIanna, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Agus mé á dhéanamh seo, sainaithním agus measaim na rioscaí a bhaineann le ráiteas míchruinn na ráiteas airgeadais bíodh sin mar gheall ar chalaois nó earráid; dearaim agus cuirim de láimh nósanna imeachta iniúchta atá freagrúil ar na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a sholáthar le haghaidh mo thuairime.

- Tá an riosca a bhaineann le gan ráiteas míchruinn ábhartha de thoradh ar chalaois a aimsiú níos airde ná an riosca a bhaineann le ceann de thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéisí, nó sárú rialaithe inmheánaigh a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá iomchuí sna tosca, ach ní le haghaidh an chuspóra tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Measaim a iomchuí atá na beartais chuntasaíochta a úsáidtear agus a réasúnta atá meastacháin chuntasaíochta agus nochtuithe gaolmhara.
- Tagaim ar thátal maidir le chomh cuí atá úsáid an bhunúis cuntasaíochta gnóthas leantach agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a fhéadfaidh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal gurb ann d'éiginnteacht ábhartha, ní mór dom aird a tharraingt i mo thuarascáil ar nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, má tá nochtuithe mar seo uireasach, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas a fhad le dáta mo thuarascála. Ach féadfaidh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith ina gcúis leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta stad de bheith ina gnóthas leantach.
- Measaim cur i láthair, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhaineann amach cur i láthair cothrom.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil freagracht orthu as rialú maidir le, i meas nithe eile, raon agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus tátail shuntasacha iniúchta, lena n-áirítear aon easpa shuntasach i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscím d'eisceacht más ea, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí uaim do m'iniúchadh, nó
- murar leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus mar is ceart, nó
- mura bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim in iúl aon fhoirm de thátal maidir le deimhniú ina leith.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ní mór dom, faoi na CIIanna, an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, le linn dom sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó más cosúil ar shlí eile go bhfuil ráiteas míchruinn ábhartha déanta faoi. Más ea, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go mbainim de thátal go bhfuil ráiteas míchruinn ar an bhfaisnéis seo nó eile, ní mór dom an fhíric seo a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a bhaineann d'eagrais Stáit maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Tuairiscím má shainaithním nithe ábhartha a bhaineann leis an gcaoi a ndéantar gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má shainaithním aon chás ábhartha nár baineadh feidhm as airgead poiblí le haghaidh na gcuspóirí beartaithe nó nár chloígh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS

### AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais ón Roinn Oideachais agus ioncam eile | **3** | 12,574,841 | 8,755,385 |
| Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir | **6** | 185,178 | 167,100 |
| | | 12,760,019 | 8,922,485 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | **4** | 8,102,398 | 6,319,628 |
| Costais Riaracháin agus Tionscadail | **5** | 2,846,432 | 2,306,325 |
| | | 10,948,830 | 8,625,953 |
| **Barrachas oibriúcháin** | | 1,811,189 | 296,532 |
| Aistriú ó / (chuig) Chuntas Caipitil | **10** | (568,769) | (9,730) |
| **Barrachas don bhliain** | | 1,242,420 | 286,802 |
| **Cistí ioncaim choinnithe ar an 1 Eanáir** | | 808,042 | 521,240 |
| **Cistí ioncaim choinnithe ar an 31 Nollaig** | | 2,050,462 | 808,042 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí airgid agus nótaí 1 go 14.

**Thar ceann na Comhairle**

**Arlene Forster, Uasal**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**An tUasal Sean Ó**
**Foghlú Cathaoirleach**

**Dáta: 25 Meán Fómhair 2025**


# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS

## RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas don bhliain | | 1,242,420 | 286,802 |
| (Caillteanais)/gnóthachain achtúireacha ar dhliteanais phinsin | **6 (d)** | (100,876) | 44,797 |
| Coigeartú ar shócmhainn mhaoinithe phinsin iarchurtha | **6 (c)** | 100,876 | (44,797) |
| Barrachas iomlán cuimsitheach don bhliain | | 1,242,420 | 286,802 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí airgid agus nótaí 1 go 14.

**Thar ceann na Comhairle**



**Arlene Forster, Uasal**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**



**An tUasal Sean Ó**
**Foghlú Cathaoirleach**

**Dáta: 25 Meán Fómhair 2025**

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS

## RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nótaí | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Maoin, gléasra agus trealamh | **7** | 665,849 | 97,080 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 2,858,514 | 659,018 |
| Infháltais agus réamhíocaíochtaí | **8** | 226,561 | 633,648 |
| | | 3,085,075 | 1,292,666 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | |
| Iníoctha agus fabhruithe | **9** | (1,034,613) | (484,624) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 2,050,462 | 808,042 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 2,716,311 | 905,122 |
| **SOCHAIR SCOIR** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | **6 (c)** | (877,557) | (591,503) |
| Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha | **6 (c)** | 877,557 | 591,503 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ IOMLÁNA** | | **2716311** | **905,122** |
| **ARNA LÉIRIÚ AG:** | | | |
| Cuntas caipitil | **10** | 665,849 | 97,080 |
| Cistí ioncaim choinnithe | | 2,050,462 | 808,042 |
| | | **2716311** | **905,122** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí airgid agus nótaí 1 go 14.

**Thar ceann na Comhairle**

____________________________

**Arlene Forster, Uasal**
**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin**

____________________________

**An tUasal Sean Ó**
**Foghlú Cathaoirleach**

**Dáta: 25 Meán Fómhair 2025**

# AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS

## RÁITEAS MAIDIR LE SREAFAÍ AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

| | Nótaí | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | € | € |
| Barrachas oibriúcháin don bhliain | | 1,242,420 | 286,802 |
| Ús bainc faighte | **3** | (108) | - |
| Dímheas | **5** | 50,112 | 44,153 |
| Caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní seasta | **5** | 4,341 | - |
| Aistriú chuig Cuntas Caipitil | **10** | 568,769 | 9,730 |
| Laghdú/(Méadú) in infháltais | **8** | 407,087 | (440,918) |
| Méadú in iníoctha | **9** | 424,252 | 57,408 |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) glan airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | 2,696,873 | (42,825) |
| **Sreabhadh airgeadais ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús bainc faighte | **3** | 108 | - |
| Íocaíochtaí chun Maoin, Gléasra agus Trealamh a fháil | **7** | (497,485) | (38,924) |
| | | (497,377) | (38,924) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 2,199,496 | (81,749) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 1 Eanáir | | 659,018 | 740,767 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ar an 31 Nollaig | | 2,858,514 | 659,018 |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim agus coibhéisí airgid** | | 2,199,496 | (81,749) |

### 1. NÓTA CÚLRA AR CNCM

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar an 12 Iúil 2001 faoi Alt 39 den Acht Oideachais, 1998. Is é sainchúram na Comhairle, mar a leagtar amach san Acht Oideachais, comhairle a chur ar an Aire Oideachais maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gcuraclam don oideachas luath-óige, do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna, agus leis na nósanna imeachta measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus le scrúduithe in ábhair atá mar chuid den churaclam.

Is struchtúr ionadaíoch í an Chomhairle, agus cinneann an tAire Oideachais ballraíocht na Comhairle. Is ainmnithe de chuid na gcomhpháirtithe san oideachas, leasa tionsclaíocha agus ceardchumainn, eagraíochtaí tuismitheoirí agus ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige araon a chuimsíonn an Chomhairle ina bhfuil 26 comhalta. Ceapann an tAire an Cathaoirleach.

### 2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos na beartais chuntasaíochta shuntasacha a chuirtear i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go leanúnach ar gach bliain a chuirtear i láthair mura ndeirtear a mhalairt.

### 2.1 Bunús le hUllmhúchán

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme agus le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá Infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an Financial Reporting Council sa Ríocht Aontaithe. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhunús fabhruithe na cuntasaíochta de réir prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo agus faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil.

Cuirtear ráitis airgeadais na Comhairle i láthair in Euro ("€"), arb é airgeadra feidhmeach na Comhairle.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu, tá breithiúnais, meastacháin agus toimhdí déanta ag lucht na bainistíochta a imríonn tionchar ar fheidhmiú bheartais chuntasaíochta na n-aonán agus na méideanna tuairiscithe sócmhainní, dliteanas, ioncaim agus speansas. Féadfaidh torthaí iarbhír a bheith difriúil ó na meastacháin seo. Déantar meastacháin agus toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Aithnítear athbhreithnithe ar mheastacháin go hionchasach.

### 2.2 Deontais Oireachtais

Déantar cuntas i leith deontais ón Roinn Oideachais agus ioncam eile ar bhonn fáltais airgid.

Aistrítear deontais Stáit le haghaidh caiteachas caipitil (lena n-áirítear deontais le haghaidh cuspóirí athfhillteacha a úsáidtear chun trealamh a cheannach agus mionoibreacha) to dtí an Cuntas Caipitil sa bhliain a dtabhaítear an caiteachas agus cuirtear iad de shochar ioncaim thar shaolré úsáideach measta na sócmhainní gaolmhara.

### 2.3 Sochair fostaithe

Aithnítear sochair ghearrthéarma, leithéid pá saoire, mar speansas sa bhliain agus cuirtear sochair a charntar ag deireadh na bliana san áireamh san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

**2. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (*ar leanúint)***

**2.4 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas nó luacháil lúide dímheas carntha. Le héifeacht ón 1 Eanáir 2024, ní dhéanann CNCM breiseanna sócmhainní ar luach níos lú ná €10,000 a chaipitliú agus ní dhéantar aon ghrúpáil ar shócmhainní agus measúnú á dhéanamh ar an tairseach le haghaidh caipitlithe. Leanann breiseanna sócmhainní a fhaightear roimh an 1 Eanáir 2024 ar luach is lú ná €10,000 de bheith ina n-acmhainní de chuid CNCM.

Soláthraítear dímheas de réir méid chothroim ag rátaí a mheastar go laghdófar na sócmhainní go luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolré úsáideach a bhfuiltear ag súil leis mar a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh Ríomhaireachta | 33.33% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Troscán Oifige | 10% |

Déantar feabhsuithe léasacha a dhímheas ar feadh an téarma atá fágtha de léas an áitribh léasaigh ghaolmhair. Sócmhainní atá á dtógáil, ní dhéantar iad a dhímheas go gcuirfear i gcrích iad.

**2.5 Airgeadraí Iasachta**

Déantar idirbhearta in airgeadraí seachas Euro a thaifeadadh ag an ráta atá i réim ar dháta an idirbhirt nó ag ráta ar conradh. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíocha a aistriú go Euro ag an dáta tuairiscithe nó ag ráta ar conradh. Déileáiltear le difríochtaí malartaithe sa ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim choinnithe.

**2.6 Cuntas Caipitil**

Léiríonn an Cúlchiste Caipitil an sciar gan amúchadh d'ioncam a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh cuspóirí caipitil. Déantar sócmhainní inláimhsithe a mhaoiniú ó ioncam reatha. Aistrítear an maoiniú seo go dtí an cuntas caipitil, a amúchtar de réir dímheas sócmhainní inláimhsithe. Déantar an glanmhaoiniú a aistrítear go dtí an cuntas caipitil agus amúchadh gaolmhar a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

**2.7 Sochair Scoir**

Is baill iad na státseirbhísigh bhunaithe atá fostaithe ag CNCM de scéim sochair shainithe atá neamh-mhaoinithe agus atá á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Is baill de scéimeanna pinsin a máthairfhostóirí iad na daoine sin a cheaptar ar iasacht go CNCM.

Feidhmíonn CNCM freisin an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair), ar scéim le sochar sainithe í do shearbhóntaí poiblí inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir, 2013 nó dá éis. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Is é tuairim CNCM (i gcomhréir le hAlt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012), go ndéanfaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair a fhritháireamh le sócmhainn choibhéiseach i leith maoiniú Stáit amach anseo. Dá réir sin, aithníonn CNCM sócmhainn, méid arb éard atá ann dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean.

**2.8 Léasanna Oibriúcháin**

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an Léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dírí thar thréimhse an léasa, ach amháin nuair atá méaduithe cíosa ann nasctha leis an ráta boilscithe a bhfuil súil leis, agus má tharlaíonn sin aithnítear na méaduithe nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

| **3.** | **IONCAM** | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|---|
| | Deontais ón Roinn Oideachais | | |
| | Focheannteideal A11.1 | 11,940,055 | 8,309,702 |
| | Lúide: Ranníocaíochtaí fostaithe curtha chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe | (51,139) | (46,517) |
| | | 11,888,916 | 8,263,185 |
| | Ioncam Eile: | | |
| | An tAonad Beartais um Oideachas sna Luathbhlianta | 107,175 | 83,437 |
| | Aisíocaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) as Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna | 565,492 | 404,292 |
| | CIDREE (Cuibhreannas d'institiúidí um Fhorbairt agus Taighde Oideachais san Eoraip) | 9,834 | - |
| | Deontas Erasmus AE | - | 4,316 |
| | Ús Bainc | 108 | - |
| | Ioncam eile | 3,316 | 155 |
| | | 685,925 | 492,200 |
| | **Ioncam Iomlán** | **12,574,841** | **8,755,385** |

| **4.** | **COSTAIS TUARASTAIL** | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|---|
| | Is é atá i gcostais foirne na Comhairle: | | |
| | Tuarastail agus pá | 7,654,543 | 6,006,428 |
| | Taisteal agus cothú – ONSC | 282,483 | 208,703 |
| | Taisteal agus cothú – Páirtithe leasmhara: | | |
| | Taisteal agus cothú - Áitiúil | 40,499 | 17,389 |
| | Taisteal agus cothú - Thar Lear | 18,390 | 10,438 |
| | Speansais maidir le forbairt foirne, sláinte agus sábháilteachta | 106,483 | 76,670 |
| | | **8,102,398** | **6,319,628** |

| **(a)** | **Sochair Fostaithe Chomhiomlána** | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|---|
| | Sochair ghearrthéarma | 7,793,514 | 6,090,332 |
| | foirne Sochair foircinn | - | - |
| | Costais maidir le sochair scoir | 134,039 | 120,583 |
| | Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach | 9,473 | 4,216 |
| | Ranníocaíocht fostóra le leas sóisialach (aisíocaíochtaí) | - | - |
| | | **7,937,026** | **6,215,131** |

Rinneadh asbhaintí €51,139 (2023: €46,517) ó thuarastail chomhaltaí Scéim Pinsean Aonair na Seirbhíse Poiblí i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, agus íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh PFN agus Athchóirithe iad.

Ba é líon iomlán na mball foirne CL a bhí fostaithe i ndeireadh na bliana ná 69.4 (2023: 57).

**4. COSTAIS TUARASTAIL *(ar leanúint)***

**(a) Sochair Fostaithe Chomhiomlána *(ar leanúint)***

Ba é figiúr comhaontaithe ceadaithe tharmligthe na Comhairle do 2024 ná 62 (2023: 56).

**Raon na sochar fostaithe iomlán**

| *Líon na bhFostaithe* | | | **2024 Líon** | **2023 Líon** |
|---|---|---|---|---|
| **Ó** | | **Go** | | |
| €60,000 | – | €69,999 | 6 | 6 |
| €70,000 | – | €79,999 | 5 | 2 |
| €80,000 | – | €89,999 | 9 | 9 |
| €90,000 | – | €99,999 | 14 | 13 |
| €100,000 | – | €109,999 | 13 | 9 |
| €110,000 | – | €119,999 | 2 | 4 |
| €120,000 | – | €129,999 | 2 | 0 |
| €130,000 | – | €139,999 | 0 | 1 |
| €140,000 | – | €149,999 | 0 | 0 |
| €150,000 | – | €159,999 | 0 | 0 |
| €160,000 | – | €169,999 | 0 | 1 |
| €170,000 | – | €179,999 | 0 | 0 |
| €180,000 | – | €189,999 | 1 | 0 |

Chun críocha an nochta seo, i measc sochair ghearrthéarma fostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil le linn na tréimhse tuairiscithe tá tuarastal, liúntas ama breise agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach fágtar **ar lár** ÁSPC an fhostóra.

**(b) Sochair Ghearrthéarma Foirne**

| | **2024 €** | **2023 €** |
|---|---|---|
| Bunphá | 7,793,514 | 6,090,332 |
| Ragobair | - | - |
| Liúntais | - | - |
| | **7,793,514** | **6,090,332** |

**4. COSTAIS TUARASTAIL *(ar leanúint)***

**(c) Príomhphearsanra Bainistíochta**

Is iad an príomhphearsanra bainistíochta sa Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta comhaltaí na Comhairle, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na Leas-phríomhoifigigh Feidhmiúcháin. Leagtar amach thíos luach iomlán sochar foirne le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastal | 427,660 | 399,983 |
| Liúntais | - | - |
| Sochair foircinn | - | - |
| Árachas sláinte | - | - |
| Luach sochar fostaithe | 427,660 | 399,983 |
| ÁSPC an Fhostóra | 43,630 | 40,801 |
| | **471,290** | **440,784** |

Is baill iad an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus na Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin de scéim neamh-mhaoinithe le sochar sainithe den earnáil phoiblí agus ní shíneann teidlíochtaí thar theidlíochtaí caighdeánacha sa scéim aoisliúntais le sochar sainithe den earnáil phoiblí.

Feidhmíonn comhaltaí na Comhairle i gcáil dheonach iomlán agus níor íocadh aon táillí le comhaltaí na Comhairle in 2024.

**(d) Tuarastal agus Sochair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

Íocadh tuarastal €183,697 (2023: €169,063) leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais. Fuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin costais dar luach €4,693 (2023: €1,964) ar ais.

Ba é seo a leanas pacáiste luacha saothair an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Bunphá (gan ÁSPC an Fhostóra a chur san áireamh) | 183,697 | 169,063 |

Comhalta de Scéim Aoisliúntais de Státseirbhísigh Bhunaithe is ea an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ní shíneann teidlíocht an duine sin ina leith sin thar théarmaí scéim eiseamláireach pinsin na seirbhíse poiblí. Ní chuirtear luach sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas.

**(e) Tuarastal agus Sochair an Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin**

In 2024 bhí beirt i seilbh post mar Leas-Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

Ceapadh Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 22 Samhain 2018. In 2024, ba é €123,623 (gan ÁSPC an Fhostóra a chur san áireamh) (2023: €118,408) tuarastal an duine sin. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais. Fuair an Leas-Príomhoifigeach Feidhmeannach costais dar luach €3,581 (2023: €3,950) ar ais.

Ceapadh Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin an 8 Meitheamh 2021. In 2024, ba é €120,340 (gan ÁSPC an Fhostóra a chur san áireamh) (2023: €112,512) tuarastal an duine sin. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí bónais. Fuair an Leas-Príomhoifigeach Feidhmeannach costais dar luach €3,545 (2023: €3,086) ar ais.

| **5.** | **CAITEACHAS** | **2024** **€** | **2023** **€** |
|---|---|---|---|
| | **Costais Riaracháin agus Tionscadail** | | |
| | ***Taighde:*** | | |
| | Táillí taighde | 367,415 | 577,223 |
| | Suibscríbhinní | 16,291 | 20,374 |
| | Leabhair thagartha, doiciméid agus suibscríbhinní | 9,418 | 3,722 |
| | Speansais chomhairliúcháin | 341,896 | 114,155 |
| | ***Forbairt agus cur chun cinn curaclaim:*** | | |
| | Foilseacháin agus meáin dhigiteacha | 94,831 | 71,993 |
| | Fógraíocht ghinearálta, dearadh agus grianghrafadóireacht | 169,803 | 112,944 |
| | Costais chomhdhála | 37,089 | 38,207 |
| | Líonraí scoileanna | 65,927 | 41,114 |
| | Seomraí ar cíos agus lónadóireacht, lena n-áirítear fáilteachas | 249,299 | 192,201 |
| | ***Taisteal agus cothú:*** | | |
| | Taisteal agus cothú - Comhaltaí den Chomhairle | 19,646 | 14,519 |
| | Taisteal agus cothú coiste - Boird & Grúpaí Forbartha | 191,023 | 157,658 |
| | ***Teicneolaíocht na Faisnéise:*** | | |
| | Teicneolaíocht na faisnéise | 484,810 | 443,410 |
| | ***Costais oifige agus costais ghaolmhara:*** | | |
| | Cíos, rátaí, slándáil agus stóras | 392,193 | 248,452 |
| | Trealamh oifige agus deisiúcháin agus cothabháil | 147,301 | 21,669 |
| | Teileafón, postas, stáiseanóireacht | 74,205 | 53,806 |
| | Solas agus teas | 27,576 | 45,406 |
| | Glanadh | 33,006 | 39,202 |
| | ***Táillí Gairmiúla:*** | | |
| | Táillí cuntasaíochta agus táillí gairmiúla eile | 42,250 | 41,759 |
| | Táille iniúchóireachta seachtraí | 14,000 | 14,000 |
| | Táille iniúchóireachta inmheánaí | 13,284 | 9,379 |
| | ***Speansais Eile:*** | | |
| | Muirir bhainc | 676 | 667 |
| | Táillí íocaíochtaí malla | 40 | 312 |
| | Caillteanas ar dhiúscairtí sócmhainní seasta | 4,341 | - |
| | Dímheas | 50,112 | 44,153 |
| | | **2846432** | **2,306,325** |

| **5.** **CAITEACHAS** ***(ar leanúint)*** | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| ***Miondealú ar thaisteal agus cothú - Comhaltaí den Chomhairle:*** | | |
| An tUasal Ed Byrne | 826 | 293 |
| Joyce Perdue, Uasal | 83 | - |
| Anne McHugh, Uasal | 1,174 | 707 |
| Deirdre MacDonald, Uasal | 2,612 | 3,089 |
| Carmel Browne, Uasal | 220 | 932 |
| An Dr Finn Ó Murchú | 7,152 | 5,922 |
| An Dr Sheila Garrity | 636 | 590 |
| An tUasal David Duffy | 549 | - |
| An tUasal Jack McGinn | 427 | - |
| Muireann Ní Mhóráin, Uasal | 785 | - |
| Olive O’Connell, Uasal | 976 | - |
| An tUasal Denis Ring | 1,079 | - |
| Máirín Ní Chéileachair, Uasal | 799 | 69 |
| Liz Farrell, Uasal* | - | 507 |
| Caitlín Faye Maniti, Uasal* | - | 145 |
| Carmel O’Shea, Uasal | 81 | - |
| An tUasal Rory D’Arcy | 1,727 | 1,916 |
| An Dr Sandra Austin | 479 | 349 |
| Meadhbh Costello, Uasal | 41 | - |
| | **19,646** | **14,519** |

Baineann na costais uile a shonraítear le taistil intíre agus ní bhaineann siad le freastal ag cruinnithe de chuid na Comhairle amháin. Bíonn comhaltaí na Comhairle rannpháirteach i struchtúir eile de chuid na Comhairle amhail na Boird uileghabhálacha don Luathóige agus don Bhunscoil, agus don tSraith Shóisearach agus an tSraith Shinsearach. D’fhéadfaidís páirt a ghlacadh i mBoird Agallaimh CNCM le haghaidh baill foirne nua freisin. Tagraítear d’iomlán na rannpháirtíochta sin sna costais seo.

*Iarchomhaltaí den Chomhairle, nach raibh uirthi in 2024 ach a áiríodh in iomlán comparadóra 2023.

Rinneadh íocaíochtaí deontais dar luach €48,550 san iomlán le scoileanna agus suíomhanna in 2024 (2023: €28,000).

Ní dhearnadh aon íocaíocht leis an bhFeidhmeannas sa bhliain chun leathanbhanda a úsáid sa bhaile ar ghnó oifigiúil (2023: €0). In 2024, níl aon taisteal thar lear san áireamh i dtaisteal agus cothú an Choiste (2023: €0).

B’ionann costais fáilteachais in 2024 agus €1,925. (2022: €7,589).

**6. COSTAIS MAIDIR LE SOCHAIR SCOIR**

Tá feidhm ag sochar sainithe maidir le foireann CNCM. Is scéimeanna le sochar sainithe iad Scéimeanna Aoisliúntais na Státseirbhíse atá neamh-mhaoinithe agus atá á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Maoinítear sochair ar bhonn “íoc mar a úsáidtear” agus níl aon sócmhainní á gcoinneáil i leith dhliteanais charntha phinsin bhaill foirne CNCM a earcaítear ón Státseirbhís nó trí iasacht, agus níl aon mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

**6. COSTAIS MAIDIR LE SOCHAIR SCOIR *(ar leanúint)***

Feidhmíonn CNCM freisin an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (Scéim Aonair). Is é an scéim seo an scéim pinsin le sochar sainithe do shearbhóntaí poiblí inphinsin arna gceapadh ar an 1 Eanáir 2013 nó dá éis de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Déanann an scéim seo foráil le haghaidh pinsin agus cnapshuim scoir bunaithe ar mheánluach saothair gairmréime inphinsin, agus pinsin céile agus leanaí. Is é an bhunaois phinsin 66 bliana (ag ardú de réir athruithe in aois pinsin Stáit). Áirítear leis áis le haghaidh scor luath atá laghdaithe go hachtúireach ó aois 55. Méadaíonn pinsin atá á n-íoc de réir an phraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bhí an mhodheolaíocht mheastóireachta a úsáideadh bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán arna déanamh ag achtúire neamhspleách cáilithe agus riachtanais CTA 102 á gcur san áireamh chun dliteanais na scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2024 a mheasúnú.

Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun dliteanais na scéime a ríomh:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 3.50% | 3.10% |
| Boilsciú Praghsanna | 2.20% | 2.40% |
| Méaduithe Tuarastail | 3.20% | 3.40% |
| Méaduithe ar an bPinsean Stáit | 2.20% | 2.40% |
| Méaduithe ar an bPinsean Toimhdithe | 2.20% | 2.40% |

**Ionchas saoil**

Fágann an bunús básmhaireachta go follasach go bhféadfar feabhsuithe a dhéanamh ar an ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh an t-ionchas saoil ag am scoir ag brath ar an mbliain a bhainfidh ball an aois scoir amach (66 bliain d’aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a bhaineann 66 bliain d’aois amach in 2024 agus 2044.

| **An bhliain a bhaintear amach 65 bliain d’aois** | **2024** | **2044** |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fireann (i mblianta) | 20,8 | 22,0 |
| Ionchas saoil - baineann (i mblianta) | 23,1 | 24,6 |

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024

### 6. COSTAIS MAIDIR LE SOCHAIR SCOIR *(ar leanúint)*

**(a) Anailís ar an méid a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin**

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Costais seirbhíse reatha | 167,269 | 150,700 |
| Ús ar dhliteanais sochair shainithe | 17,909 | 16,400 |
| Lúide: Sochair fostaithe | (51,139) | (46,517) |
| Costais sochair foircinn | - | - |
| | 134,039 | 120,583 |

**(b) Sócmhainn maoinithe sochair scoir iarchurtha**

Aithníonn CNCM an méid seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean ar bhunús an tacair toimhdí a gcuirtear síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am a chuaigh thart. I measc na n-imeachtaí seo tá an bunús reachtúil le haghaidh bhunú na Scéime, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin na seirbhíse poiblí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán.

Níl aon fhianaise ag CNCM nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag soláthar suimeanna mar seo de réir cleachtas reatha agus ar an mbonn go ndéanann Alt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 foráil le haghaidh íocaíochtaí pinsin a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite trí íocaíochtaí amach as an gCiste Lárnach den Státchiste arna chur ar fáil ag an Oireachtas chun na críche sin.

**(c) Gluaiseacht in oibleagáidí sochair shainithe**

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 1 Eanáir | (591,503) | (469,200) |
| Costais seirbhíse iomláine fostaí | (167,269) | (150,700) |
| Ús glan ar ghlandliteanas sainithe | (17,909) | (16,400) |
| Gnóthachan achtúireach i rith na bliana | (100,876) | 44,797 |
| Pinsin íoctha sa bhliain | - | - |
| Oibleagáid sochair scoir ghlan amhail an 31 Nollaig | (877,557) | (591,503) |

**(d) Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach**

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Gnóthachan achtúireach i rith na bliana | (100,876) | 44,797 |
| (Caillteanas)/gnóthachan taithí sa bhliain | - | - |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig | (100,876) | 44,797 |

## 7. MAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

| | Sócmhainní le linn na tógála | Feabhsúcháin Léasachta | Troscán Oifige | Trealamh Oifige | Trealamh Ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| **Costas:** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | - | - | 41,404 | 16,528 | 465,985 | 523,917 |
| Breisithe | 396,019 | 227,203 | - | - | - | 623,222 |
| Diúscairtí | - | - | (29,020) | (12,354) | (328,444) | (369,818) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 396,019 | 227,203 | 12,384 | 4,174 | 137,541 | 777,321 |
| **Dímheas:** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | - | - | 29,068 | 14,085 | 383,684 | 426,837 |
| Muirear don tréimhse | - | 7,573 | 2,880 | 849 | 38,810 | 50,112 |
| Díothaithe ar dhiúscairtí | - | - | (25,830) | (12,292) | (327,355) | (365,478) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | - | 7,573 | 6,118 | 2,642 | 95,139 | 111,471 |
| **Glanluach de réir na leabhar:** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **396,019** | **219,630** | **6,266** | **1,532** | **42,403** | **665,849** |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023 | - | - | 12,336 | 2,443 | 82,301 | 97,080 |

**An Bhliain Roimhe**

| | Sócmhainní le linn na tógála | Feabhsúcháin Léasachta | Oifig Troscán | Oifig Trealamh | Ríomhaire Trealamh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € | € |
| **Costas:** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | - | - | 40,002 | 16,528 | 413,504 | 470,034 |
| Breisithe | - | - | 1,402 | - | 52,481 | 53,883 |
| Diúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023 | - | - | 41,404 | 16,528 | 465,985 | 523,917 |
| **Dímheas:** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2023 | - | - | 25,609 | 13,183 | 343,892 | 382,684 |
| Muirear don tréimhse | - | - | 3,459 | 902 | 39,792 | 44,153 |
| Díothaithe ar dhiúscairtí | - | - | - | - | - | - |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2023 | - | - | 29,068 | 14,085 | 383,684 | 426,837 |
| **Glanluach de réir na leabhar:** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2023** | **-** | **-** | **12,336** | **2,443** | **82,301** | **97,080** |
| Mar a bhí ar an 31 Nollaig 2022 | - | - | 14,393 | 3,345 | 69,612 | 87,350 |

De thoradh áitribh a bheith á mbogadh le linn 2024 ó shuíomhanna oifige buana, thug CNCM cuntas ar dhiúscairtí móra sean-sócmhainní seasta a bhí as feidhm nach raibh oiriúnach dá bhfeidhm níos mó agus nárbh fhéidir a aistriú chuig an áitreabh nua.
Baineann na feabhsúcháin léasachta in 2024 le hoibreacha a rinneadh ar léas nua a fuarthas le linn na bliana ar oifigí i bPort Laoise.
Baineann sócmhainní le linn tógála in 2024 le hoibreacha ar tugadh fúthu, ach nach raibh tugtha chun críche faoin 31 Nollaig 2024, ar léas nua a fuarthas le linn na bliana ar oifigí i mBaile Átha Cliath. Ní ghearrtar aon dímheas ar na sócmhainní sin go dtí go mbeidh na hoibreacha go léir tugtha i gcrích.

### 8. INFHÁLTAIS AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Ioncam fabhraithe | 78,248 | 430,192 |
| Réamhíocaíochtaí | 148,313 | 203,456 |
| | 226,561 | 633,648 |

### 9. INÍOCTHA AGUS FABHRUITHE

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | 19,436 | 4,371 |
| Cáin ar Sheirbhísí Gairmiúla | 22,134 | 6,651 |
| ÍMAT/ÁSPC | 3,991 | 2,935 |
| CBL | 32,769 | 287 |
| Creidiúnaithe eile | 31 | 31 |
| Fabhruithe | 956,252 | 470,349 |
| | 1,034,613 | 484,624 |

### 10. CUNTAS CAIPITIL

| | 2024 € | 2024 € | 2023 € | 2023 € |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | | 97,080 | | 87,350 |
| Cistí a leithroinntear chun sócmhainní seasta a fháil | 623,222 | | 53,883 | |
| Amúchadh atá ag teacht le dímheas | (50,112) | | (44,153) | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | (4,341) | 568,769 | - | 9,730 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | | 665,849 | | 97,080 |

### 11. LEASANNA CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta atá ag teacht le treoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí den Chomhairle agus cloíodh leis na nósanna imeachta le linn na bliana. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí na Comhairle ina raibh aon leas tairbhiúil ag comhaltaí den Chomhairle.

## 12. TIOMANTAIS FAOI LÉASANNA OIBRIÚCHÁIN

Feidhmíonn CNCM líonra de 8 n-oifig ar fud an Stáit. Tá an chuid is mó de na hoifigí ar cíos ó aonáin arna maoiniú ag an Rialtas. Tá comhaontuithe ligin ag CNCM mar seo a leanas:

a. Léas 1 ar feadh 1 bhliain amháin a thosaigh an 1 Márta 2024, cíos bliantúil €8,000.
b. Léas 2 ar feadh 3 bliana a thosaigh an 1 Nollaig 2022, cíos bliantúil €10,800.
c. Léas 3 ar feadh 10 mbliana a thosaigh an 1 Feabhra 2017, cíos bliantúil €24,526.
d. Léas 4 ar feadh 10 mbliana a thosaigh an 21 Márta 2024, cíos téarma €51,389.
e. Léas 5 ar feadh 15 bliana a thosaigh an 8 Iúil 2024, cíos bliantúil €100,000.
f. Léas 6 ar feadh 20 bliain a thosaigh an 25 Aibreán 2024, cíos bliantúil €625,947.

An 31 Nollaig 2024, bhí ceangaltais gan íoc ar an gComhairle faoi léasanna oibriúcháin a bheidh dlite mar a leanas:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| ***Dáta éaga:*** | | |
| Laistigh de 1 bhliain amháin | 495,464 | 75,943 |
| Idir 2 bhliain agus 5 bliana | 2,930,464 | 58,063 |
| Tar éis níos mó ná 5 bliana | 10,191,787 | - |
| | 13,617,715 | 134,006 |

## 13. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Is mar a leanas atá sonraí ar cheangaltais chaipitil ag an dáta cuntasaíochta:

| | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Rinneadh conradh ina leith seo, ach níor soláthraíodh iad sna ráitis airgeadais: | | |
| - Feabhsuithe léasacha | 1,424,658 | - |

## 14. IMEACHTAÍ TAR ÉIS AN DÁTA TUAIRISCITHE

Níl aon imeachtaí ann idir an dáta tuairiscithe agus dáta faofa na ráiteas airgeadais seo óna dteastaíonn leasú ar na ráitis airgeadais.

**Gnóthas leantach** - Measann an Chomhairle, de bhrí go gcuireann sí seirbhís phoiblí ar fáil atá maoinithe beagnach go hiomlán le hairgead arna chur ar fáil ag an Státchiste, tríd an Roinn Oideachais, go bhfuil sé cuí na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

An 27 Márta 2025 d’fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ag a cruinniú.